

Treoir maidir le Ceamaraí Coirp nó Ceamaraí Gníomhaíochta a Úsáid



Clár

Ní Mór d'Úsáid Ceamaraí a bheith Dleathach agus Cóir	2
An Oibleagáid maidir le bheith Trédhearcach ó thaobh Taifeadta.....	3
An Méid Sonraí Pearsanta a Thaifeadtar a Íoslaghdú.....	4
Taifeadtaí a Stóráil nó a Choinneáil.....	5
Slándáil agus Sláine Taifeadtaí a Choinneáil	5
Iarrataí ó Ábhair Shonraí a Fhreagairt.....	6
Gníomhcheamaraí agus an Eisceacht maidir le hÚsáid Phearsanta	7
Rialacha maidir le Taifeadtaí a Dhéantar Chun Críocha Fhorfheidhmiú an Dlí	9

Tá fás ag teacht ar an úsáid a bhaintear as ceamaraí coirp agus gléasanna comhchosúla le blianta beaga anuas, ó thaobh scála agus éagsúlachta de. Is iomaí bealach a d'fhéadfaí iad a úsáid, lena n-áirítear áineas, slándáil agus iriseoireacht, gan ach cúpla ceann a lua. Faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), is **'rialaitheoir'** é duine nó eagraíocht a bhailíonn nó a phróiseálann sonraí pearsanta daoine i gcáil **seachas i gcáil iomlán phearsanta**, agus tá freagrachtaí áirithe air nó uirthi dá bharr. [Pléifear thíos](#) teicneolaíocht cheamara den sórt sin a úsáid chun críocha iomlán pearsanta agus áineasa. I **gcomhthéacsanna gairmiúla**, áfach, ní mór d'oibritheoirí cheamaraí coirp **meas a léiriú ar na hoibleagáidí** a thugtar dóibh faoin Rialachán Ginearálta, go háirithe trí bhíthin a ngníomhaíochtaí a chur i gcrích de réir na [bprionsabal maidir le cosaint sonraí](#) in Airteagal 5.

Cruthaíonn teicneolaíochtaí inchaite amhail ceamaraí coirp dúshlán faoi leith ó thaobh na cosanta sonraí de mar gheall ar iad a bheith **soghluaiste**. Ní hionann is córais CCTV, ar féidir iad a shocrú go cúramach chun an baol go mbaileofaí sonraí gan chuimhneamh a íoslaghdú, déantar córas faireachais soghluaiste den duine a chaitheann ceamara coirp, go héifeachtach, agus **is dócha go ngabhfaidh sé sonraí pearsanta** dhaoine a bhíonn ag dul thar bráid. Nuair a chuirtear micreafóin agus/nó teicneolaíocht aghaidh-aitheanta leis an gcineál sin teicneolaíochta, tagann méadú ar an imní maidir le cosaint sonraí. Anuas air sin, sa chás go stóráiltear píosaí scannáin ar an ngléas féin nó ar mhéaróg chuimhne, tá **baol breise ann go gcaillfear nó go noidfear** sonraí pearsanta.

Mar thoradh air sin, beidh ar an **ngá le ceamaraí coirp a úsáid tairseach ard** go leor a shroicheadh, go ginearálta, chun an reachtaíocht um chosaint sonraí a chomhlíonadh. Ní mór duit a thaispeáint go bhfuil d'úsáid cheamaraí coirp **dleathach agus cóir**; go bhfuil sí **trédhearcach**; nach ndéanann do cheamaraí ach an **méid is lú** sonraí pearsanta is gá chun críche sonraithe **a thaifeadadh**; go ndéantar taifeadtaí a stóráil go slán sábháilte

agus nach **gcoimeádtar** iad ach ar feadh an méid is lú ama is gá; agus go dtugann tú freagra cuí ar iarrataí ó ábhair shonraí.

Ní mór duit freisin an reachtaíocht chuí um fhorfheidhmiú an dlí a chomhlíonadh sa chás gur údarás inniúil tú atá ag gníomhú i **gcáil maidir le forfheidhmiú an dlí**, rud a phléitear go hachomair thíos, cé go **ndírítear sa treoir seo** ar úsáid na gcineálacha sin ceamaraí i gcásanna **nach mbaineann le forfheidhmiú an dlí**.

Tá mar aidhm leis an treoir seo cabhrú le daoine aonair agus le heagraíochtaí a úsáideann ceamaraí coirp (seachas i gcomhthéacs maidir le forfheidhmiú an dlí) a gcuid oibleagáidí faoin reachtaíocht chuí um chosaint sonraí a thuiscint agus téann sé leis an [treoir maidir le fístaifeadadh agus córais CCTV ar ár láithreán gréasáin](#).

Ní Mór d'Úsáid Ceamaraí a bheith Dleathach agus Cóir

Ní mór don phróiseáil sonraí pearsanta go léir a thagann faoi théarmaí tagartha an Rialacháin Ghinearálta a bheith dleathach agus cóir. Go bunúsach, ciallaíonn sin nach mór duit **'bunús dlí' cuí**, nó údar cuí a bheith agat chun ceamaraí coirp (nó teicneolaíochtaí comhchosúla amhail 'ceamaraí gníomhaíochta') a úsáid, mar a éillítear faoi Airteagal 6 den GDPR (féach freisin ár [dtreoir mhionsonraithe maidir le bunús dlí](#)). Sa bhreis air sin, ní mór fístaifeadtaí ar bith a phróiseáil chun críocha atá dleathach agus cóir maidir le hábhair shonraí a mbeidh éifeacht acu orthu, agus chun na críocha sin amháin. Ba chóir nach mbeadh an úsáid a bhaintear as ceamaraí den sórt sin ró-dhíobhálach, gan choinne, míthreorach, nó mealltach i ndáil leis na daoine arna dtaifeadadh. Ba cheart do rialaitheoirí sonraí a thabhairt ar aird freisin nach leor go mbeadh úsáid cheamaraí coirp agus ceamaraí gníomhaíochta cabhrach ó thaobh sprioc inmhianaithe a bhaint amach, ach go mbeadh siad **riachtanach chun an cuspóir is údar leis an mbunús dlí a bhaint amach**.

Ní dócha gur toiliú an bunús dlí iomchuí i gcásanna ina n-úsáidtear na cineálacha sin ceamaraí, sa chás nach féidir nó nach praiticiúil toiliú gach aon duine a fháil. I bhformhór na gcásanna ina n-úsáidtear ceamaraí coirp nó ceamaraí gníomhaíochta go rialta, bheadh sé an-deacair toiliú bailí, feasach, arna thabhairt faoi shaoirse a fháil ó gach duine a mbeadh éifeacht ag an taifeadadh orthu.

D'fhéadfadh sé gurb é an bunús dlí iomchuí maidir le húsáid cheamaraí coirp nó ceamaraí gníomhaíochta in go leor cásanna, nuair is féidir leat a thaispeáint go bhfuil siad **riachtanach chun 'leas dlisteanach' a shaothrú**, do leas féin nó leas tríú páirtí (mar shampla, sa chás go mbeartaíonn eagraíocht iad a úsáid chun críocha sábháilteachta nó slándála, seans gur leasanna cliant nó daoine eile a bheadh á shaothrú, agus ní leasanna na n-eagraíochtaí amháin). Más mian le rialaitheoirí brath ar leas dlisteanach mar bhunús dlí chun ceamaraí coirp nó ceamaraí gníomhaíochta a úsáid, ní mór dóibh a mheas cibé an bhfuil siad riachtanach chun an leas sin a shaothrú (**'tástáil riachtanais'**) agus cibé an bhfuil sáraíocht ag leasanna, cearta bunúsacha nó saoirsí na ndaoine i gceist orthu (**'tástáil chothromaithe'**). Is é sin le rá, ní mór dóibh a thaispeáint go bhfuil fíor-leas dlisteanach acu maidir leis an bpróiseáil sin a dhéanamh, go bhfuil ceamaraí coirp **riachtanach agus comhréireach** chun críocha na próiseála a bhaint amach, agus nach mbeidh tionchar díréireach acu ar na daoine lena mbaineann.

Tá curtha in iúl go soiléir san GDPR nach féidir le húdaráis áitiúla brath ar bhunús dlí ‘leasanna dlisteanacha’ chun údar a thabhairt don phróiseáil sonraí pearsanta a dhéantar agus a gcuid tascanna á ndéanamh acu. Mar sin féin, d’fhéadfadh bunús dlí a bheith ag **údaráis áitiúla** sa chás go bhfuil *“próiseáil riachtanach i ndáil le **tasc a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil** arna ndísiú don rialaitheoir”*. Sa chás go mbunaítear próiseáil ar an mbunús dlí sin, ba cheart é a bheith bunaithe ar dhlí AE nó náisiúnta, a chomhlíonann cuspóir nó leas an phobail agus ba cheart dó a bheith comhréireach agus dlisteanach i ndáil leis an aidhm atá á shaothrú. Féadfaidh rialaitheoirí sonraí brath ar an mbunús dleathach sin sa chás go bhfuil gá leis chun sonraí pearsanta a phróiseáil, i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil (ag cuimsiú feidhmeanna agus cumhachtaí poiblí mar a leagtar síos sa dlí) nó chun tasc sonrath ar mhaithe le leas an phobail a dhéanamh (mar a leagtar síos sa dlí).

Is tábhachtach a thabhairt ar aird nach gciallaíonn an riachtanas maidir le bheith cóir go bhfuil an phróiseáil go léir a bhfuil éifeacht dhiúltach aici ar an duine i gceist ag sárú an phrionsabail sin. Mar shampla, d’fhéadfaí fístaifeadadh ó cheamara coirp nó ó ghníomhcheamara a **úsáid mar chruthúnas ar dhrochiompar ag duine**, ar an gcoinníoll go raibh bunús dlí bailí ag an rialaitheoir maidir le ceamara coirp nó gníomhcheamara a úsáid agus gur chomhlíon sé a oibleagáidí eile faoin dlí um chosaint sonraí. **Níl úsáid an cheamara éagórach nó neamhdhleathach per se**, mar gheall go mbeidh **iarmhairtí diúltacha** aige sin ar an duine i gceist.

Is féidir ceamaraí coirp a úsáid ar an mbunús go bhfuil gá leo i ndáil le [feidhmiú an dlí, mar a phléitear thíos](#), sa chás go bhfuil feidhm aige sraith rialacha comhchosúla, ach ar leithligh.

An Oibleagáid maidir le bheith Trédhearcach ó thaobh Taifeadta

Ní mór duit a chinntiú go gcuirfear gach duine a bhféadfadh ceamaraí coirp a shonraí pearsanta a ghabháil *“ar an eolas faoin oibríocht phróiseála a bheith ann agus faoi chríocha na próiseála sin”* (Aithris 60 den GDPR) go tráthúil. Ní mór go mbeadh san áireamh san eolas sin ar a laghad **aitheantas agus sonraí teagmhála** an rialaitheora sonraí agus oifigeach cosanta sonraí an rialaitheora sonraí nuair is infheidhme; **cuspóirí** agus **bunús dlí** na próiseála; faisnéis faoin leas dlisteanach á shaothrú nuair is é sin bunús dlí na próiseála; **faighteoirí** na sonraí pearsanta más ann dóibh; agus ní mór duit a dhearbhu cibé an bhfuil sé i gceist agat na sonraí pearsanta sin a **aistriú** chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta (féach Airteagal 13(1) GDPR chun mionsonraí iomlána a fháil faoin bhfaisnéis atá le soláthar).

Ceanglaítear le prionsabal na trédhearcachta gur cheart é a bheith **éasca rochtain a fháil** ar aon fhaisnéis atá dírithe ar an bpobal nó ar an ábhar sonraí, gur cheart don fhaisnéis sin a bheith gonta agus **éasca a thuiscint** agus gur cheart í a bheith i dteanga shoiléir shimplí agus, sa bhreis air sin, gur cheart úsáid a bhaint as léirshamhlú, i gcás inarb ábhartha.

Braitheann na bearta iomchuí chun an fhaisnéis sin a chur in iúl don ábhar sonraí ar an **gcomhthéacs sonrath agus ar an timpeallacht shonrach** ina mbailítear agus ina bpróiseáiltear na sonraí, agus i gcás ceamaraí coirp, d’fhéadfaí a áireamh air sin **fógraí sofheicthe** ar a bhfuil an fhaisnéis, **suaitheantais** ina bhfuil faisnéis nó naisc in aice le

trealamh, **comharthaíocht** phoiblí, nó bealach eile chun an fhaisnéis ábhartha a fhógairt nó a chur in iúl d'ábhair shonraí. D'fhéadfaí a áireamh ar bhearta eile chun faisnéis thrédhearcach a sholáthar do rialaitheoirí sonraí a bhfuil láithreach ar líne/dhigiteach acu, **fógra leictreonach maidir le príobháideachas**; mar sin féin, ag brath ar chúinsí an bhailithe agus na próiseála sonraí, seans go mbeadh ar rialaitheoir sonraí **bearta breise eile** a úsáid chun an fhaisnéis a sholáthar.

Féadfaidh rialaitheoirí cur chuige srathach a úsáid, ina roghnaíonn siad **modhanna éagsúla** a úsáid fad a chinntíonn siad go dtugtar an fhaisnéis is tábhachtaí i gcónaí sa chéad bheart a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh leis an ábhar sonraí (amhail fógra nó suaitheantas sofheicthe). Ba cheart do rialaitheoirí cuimhneamh freisin gur dócha gurb é an duine a chaitheann nó a úsáideann an ceamara an chéad phointe teagmhála a bheidh ábhair shonraí a mbeidh éifeacht orthu, nó an pointe teagmhála is éasca, agus mar sin gur cheart **oilíúint iomchuí** a thabhairt don duine sin maidir leis an tslí le freagra a thabhairt ar cheisteanna nó iarrataí ó ábhair shonraí. Sa bhreis air sin, faoi Airteagal 24(2) den GDPR, ceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí beartais um chosaint sonraí a chur i bhfeidhm, nuair is cuí sin.

Tá tuilleadh eolais faoi oibleagáidí maidir le thrédhearcacht ar [an gcuid de láithreán gréasáin an DPC 'An ceart faisnéis a fháil \(Trédhearcacht\)'](#). Tá tuilleadh eolais faoi thrédhearcacht ar fáil freisin i [dTreoirlínte Mheitheal Airteagal 29 maidir le Trédhearcacht](#).

An Méid Sonraí Pearsanta a Thaifeadtar a Íoslaghdú

Ní mór duit a chinntiú go bhfuil aon sonraí pearsanta a dhéanann do cheamaraí coirp a thaifeadadh **leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid a bhfuil gá leis** chun **cuspoirí sonracha** na próiseála a bhaint amach. Is é sin le rá, níor cheart dóibh **ach an t-íosmhéid sonraí a thaifeadadh** a mbeadh gá leo chun na haidhmeanna sonraithe a bhaineann le húsáid na gceamaraí a bhaint amach. Molann an DPC do rialaitheoirí sonraí a bheartaíonn ceamaraí coirp a úsáid **measúnuithe mionsonraithe a dhéanamh** ar an tslí a gcomhlíonadh úsáid threalamh den sórt sin na riachtanais seo. D'fhéadfaí a áireamh air sin **measúnú riosca**, tástáil riachtanais agus tástáil chothromaithe (go háirithe sa chás go mbraithí ar leasanna dlisteanacha mar bhunús dlí), agus/nó **Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí** (DPIA).

Is próiseas é DPIA ina ndéanann duine aonair nó eagraíocht measúnú ar gach riosca a bhaineann le geallsealbhóirí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí próiseála sonraí an duine nó na heagraíochta sin agus ina nglactar céimeanna chun na rioscaí sin a íoslaghdú a mhéid agus is féidir. Tá gá le DPIA'nna "*i gcás inar dóchúil go dtarlódh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha de bharr chineál na próiseála*" (Airteagal 35(1) GDPR), agus is iomchuí iad ach go háirithe maidir le **teicneolaíochtaí atá sách nua nó ionrach**, amhail ceamaraí coirp. Moltar go tréan do rialaitheoirí sonraí tabhairt faoi DPIA agus iad ag smaoineamh ar cheamaraí coirp a úsáid, fiú sa chás nach mbeadh sé iomlán éigeantach, de bharr gur uirlis áisiúil iad chun comhlíonadh leis an dlí um chosaint sonraí a chinntiú.

Mar shampla, sa chás go ndéanann ceamara coirp **sonraí fuaime agus físe araon** a thaifeadadh, ní mór gach sruth sonraí a mheas as féin agus **údar a bheith aige ina**

cheart féin faoi na prionsabail um íoslaghdú agus riachtanas sonraí, d'fhonn iad a cheadú. Chomh maith leis sin, sa chás go n-úsáidtear fístaifeadadh ó cheamara coirp nó ó ghníomhcheamara le haghaidh **níos mó ná cuspóir amháin**, ní mór gach gníomhaíocht próiseála sonraí a mheas agus údar a thabhairt di **ina cheart féin**, go háirithe maidir leis na prionsabail um íoslaghdú agus riachtanas sonraí, d'fhonn iad a cheadú. D'fhéadfadh DPIA a dhéanadh rialaitheoir sonraí sna cásanna sin a chinneadh go ndéanfaí an iomarca próiseála ar shonraí pearsanta mar thoradh ar an bpróiseáil sin, mura mbeadh gá leis na sonraí sin don chuspóir sonraithe dá mbeadh siad á dtaifeadadh, agus dá bharr sin nach mbeadh údar ag an bpróiseáil. Tá breis [eolais ar DPI'Anna le fáil ar ár láithreán gréasáin](#).

Ag teacht le measúnú riosca nó DPIA ar bith a dhéanfaí, agus leis an ngá le dul i mbun taifeadta chun cuspóir sonraithe na próiseála sonraí pearsanta a bhaint amach, ba cheart do rialaitheoirí sonraí breithniú a dhéanamh ar cathain is iomchuí ceamara coirp **a chasadh air nó as** d'fhonn **taifeadadh seasmhach agus iomarcach** a sheachaint. Ba cheart d'oibrítitheoirí ceamaraí rabhadh a thabhairt do dhaoine sula dtosaíonn siad ag taifeadadh freisin. Níor cheart ceamaraí a chasadh air agus a úsáid ach amháin ar bhealach comhréireach, ar feadh an mhéid ama is gá leis chun cuspóir dlísteanach an taifeadta a bhaint amach.

Taifeadtaí a Stóráil nó a Choinneáil

Straitéis eile chun próiseáil sonraí pearsanta a íoslaghdú is ea **teorainn a chur leis na tréimhsí ina gcoinnítear nó ina bpróiseáiltear sonraí**. Ní cheart duit taifeadtaí ceamaraí coirp a choinneáil ach ar feadh an íosmhéid ama is gá leis chun cuspóirí sonraithe úsáid na gceamaraí sin a bhaint amach. Ba cheart a áireamh air sin an prionsabal maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú.

Ní shainmhínítear tréimhse choinneála shonraithe faoin dlí, mar sin ní mór duit tréimhse a **ríomh** tú féin, **bunaithe ar chritéir a bheadh inchosanta go soiléir** agus a bhainfeadh le gníomhaíochtaí próiseála d'eagraíochta. Ba cheart duit cóip de do ríomh a choinneáil, mar chuid de do DPIA, b'fhéidir. Mar a luadh thuas, faoi Airteagal 24(2) GDPR, ceanglaítear ar rialaitheoirí beartais um chosaint sonraí a bheith acu, nuair is iomchuí, agus ba cheart sceideal coinneála a bheith san áireamh. Ní mór fad na tréimhse coinneála sin, nó an tslí a chinnfear í, a sholáthar don ábhar sonraí lena mbaineann, mar chuid d'oibleagáidí **trédhearcachta** an rialaitheora sonraí.

Níl sé inghlactha, áfach, cóipeanna de thaifeadtaí a choimeád **ar bhonn 'ar eagla na heagla'**. Sa chás go n-aithnítear fístaifeadadh a bhaineann le heachtra faoi leith, amhail ar thimpiste san áit oibre, d'fhéadfá smaoineamh ar thréimhse coinneála níos faide mar bheartas. Ba cheart an fístaifeadadh sin a choimeád ar leithligh ó na fístaifeadtaí ginearálta agus é choimeád go slán sábháilte chun na críocha a tháinig chun cinn.

Slándáil agus Sláine Taifeadtaí a Choinneáil

Ní mór duit bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a bheith i bhfeidhm agat lena chinntiú go ndéantar na sonraí pearsanta go léir a ghabhann do cheamaraí **a chosaint in aghaidh phróiseáil neamh-údaraithe nó neamhdhleathach, nó cailteanas trí thaisme, goid, scriosadh nó damáiste**. Beidh ort measúnú a dhéanamh ar an méid

riosca a chruthaítear de bharr ceamaraí coirp a bheith á n-úsáid ag d'eagraíocht agus bearta a ghlacadh chun na rioscaí sin a mhaolú. Ní mór do na bearta sin leibhéal iomchuí **slándála agus rúndachta** a sholáthar maidir leis na sonraí pearsanta, ach na bearta úrscothacha agus an teicneolaíocht úrscothach atá ar fáil, chomh maith leis an gcostas chun iad a chur i bhfeidhm, a chur san áireamh (féach Aithris 83 den GDPR).

Is cuid lárnach de na bearta sin é a chinntiú nach ndéantar na sonraí pearsanta go léir arna ngabháil ag ceamaraí coirp a **stóráil ach amháin i bhformáid slán**, gan ach cead rochtana teoranta ina leith, agus ar feadh an méid ama íosta is gá chun cuspóirí na próiseála a bhaint amach (féach thuas). Ba cheart a áireamh ar na bearta slándála, ní hamháin cibearshlándaíl, ach bearta fisiciúla agus eagraíochtúla freisin.

Ba cheart do rialaitheoirí sonraí aird faoi leith a thabhairt ar cibé an stóráiltear an fístaifeadadh ar an ngléas féin nó ar mheán stórála soghluaiste, amhail méaróg chuimhne, agus ba cheart dóibh céimeanna a ghlacadh chun aon bhaol breise maidir le caillteanas nó goid sonraí pearsanta a mhaolú, trí bhíthin na bearta teicniúla agus eagraíochtúla araon. Ba cheart do rialaitheoirí **seiceáil go rialta** cibé an bhfuil a mbearta slándála cothrom le dáta agus éifeachtach.

De bharr gur mó dócha go n-eiseofar ceamaraí coirp ar úsáideoirí aonair, agus gurb iad a mbainfidh úsáid astu, ba cheart do rialaitheoirí a bheith feasach faoin **tábhacht a bhaineann le hoiliúint a chur ar na daoine sin**, mar phríomhbheart slándála, agus a chinntiú go gcuirtear beartais úsáide i bhfeidhm agus go ndéantar athbhreithniú rialta orthu.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin tslí le slándáil agus rúndacht sonraí pearsanta a bhailítear agus a phróiseáiltear ar shlí eile a chinntiú, féach [treoir an DPC maidir le slándáil sonraí atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin](#).

Iarrataí ó Ábhair Shonraí a Fhreagairt

Ní mór duit a chinntiú go bhfuil na sonraí go léir a choinníonn tú **cruinn agus cothrom le dáta, nuair is gá sin**. Ní mór duit gach céim réasúnta a ghlacadh chun sonraí míchruinne a chur ina gceart nó a scriosadh chomh luath agus is féidir, mar a luaitear in Airteagal 5(d) GDPR, i ndáil leis an bprionsabal maidir le cruinneas. Tá an **ceart ag daoine aonair rochtain a fháil ar thaifeadtaí ina bhfuil a gcuid sonraí pearsanta, go gcuirfí ina gceart iad, agus, i gcásanna áirithe, go scriosfaí iad**.

Tá feidhm leis an gceart maidir le rochtain i ngach cúinse, faoi réir ag teorainn áirithe, amhail an gá le cearta agus saoirsí tríú páirtithe a chosaint. Níl feidhm ag an gceart maidir le scriosadh ach amháin sa chás go gcomhlíontar ceann de roinnt critéar faoi Airteagal 17 den GDPR, amhail (ach gan a bheith teoranta do) sa chás nach bhfuil gá a thuilleadh le sonraí pearsanta, go ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil go neamhdhleathach, nó go gcuireann an t-ábhar sonraí in aghaidh na próiseála agus nach bhfuil aon fhoras dlisteanach sáraitheach ann i leith na próiseála.

Sa chás go ndéanann duine aonair **iarratas ar rochtain** ar aon sonraí pearsanta a thaifead do cheamaraí coirp, ceanglaítear ort **(a) a dhearbhú** cibé an gcoinníonn tú aon chuid dá sonraí pearsanta; agus **(b) ar iarratas a fháil, cóip** dá sonraí pearsanta a chur ar fáil, chomh maith le faisnéis eile. Tá mionsonraí breise [faoin bhfaisnéis atá le soláthar](#)

[mar fhreagra ar iarratas ar rochtain le fáil ar láithreán gréasáin an DPC](#) agus [faoi Cheisteanna Coitianta faoi iarrataí ó ábhair shonraí ar rochtain](#).

Ní mór duit freagra a thabhairt ar iarratas ar rochtain **gan mhoill mhíchuí** agus laistigh de mhí amháin ón dáta a bhfaightear an t-iarratas, ar a dhéanaí – is féidir síneadh dhá mhí a chur leis sin, ag brath ar chastacht an iarratais, ach sa chás go bhfuil gá agus údar leis, agus sin amháin. Féadfaidh tú tuilleadh soiléirithe a iarraidh murar léir nádúr an iarratais.

Ní mór duit an fhaisnéis riachtanach agus cóip de shonraí pearsanta an ábhair sonraí a chur ar fáil **saor in aisce**, ach amháin sa chás go n-iarrtar cóipeanna breise. Sa chás sin, is féidir táille réasúnta a ghearradh, bunaithe ar chostais riaracháin. Sa bhreis air sin, i gcásanna an-teoranta inar léir 'go follasach go bhfuil iarrataí ón ábhar sonraí gan bhunús nó iomarcach', féadfaidh tú táille réasúnach a ghearradh, bunaithe ar chostais riaracháin, nó diúltú gníomhú ar an iarratas.

Sa chás go bhfuil **íomhánna de thríú páirtithe**, daoine seachas an t-ábhar sonraí a rinne an t-iarratas, le feiceáil sa taifeadadh, ní mór don rialaitheoir sonraí a bhreithniú, ar bhonn cás-ar-chás, cibé an mbeadh 'éifeacht dhiúltach' ag scaoileadh an fístaiifeadadh nach bhfuil eagarthóireacht déanta air ar chearta nó ar shaoirsí na dtríú páirtithe, amhail a gcearta um chosaint sonraí, a rúin trádála, nó a gcearta maoine intleachtúla amhail cóipcheart. Caithfidh an rialaitheoir tástáil chothromaithe a dhéanamh idir ceart an ábhair sonraí (iarrthóir) rochtain a fháil ar a shonraí/sonraí pearsanta in aghaidh an riosca aitheanta don tríú páirtí a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar an bhfístaiifeadadh a scaoileadh. Tugtar ar aird san GDPR nár chóir go mbeadh mar thoradh ar na pointí sin go ndiúltófaí an fhaisnéis ábhartha go léir a sholáthar don ábhar sonraí. Nuair is gá leis, is féidir a áireamh ar bhearta, íomhánna de pháirtithe inaitheanta a dhéanamh piteilíneach nó a dhí-aithint ar chúis éigin eile, sula dtugtar cóip den fhístaiifeadadh don iarrthóir.

Sa chás go ndéanann duine aonair **iarratas bailí ar scríosadh**, ní mór duit freagra a thabhairt laistigh den fhráma ama céanna lena mbaineann iarratas ar rochtain agus na hiarratais a scríosadh a chur ar aghaidh chuig gach duine a gheobhaidh sonraí an ábhair sonraí sin, ach amháin sa chás go mbeadh sin dodhéanta nó go mbeadh iarracht díréireach de dhíth chun é a dhéanamh. Tá tuilleadh [eolais faoi iarratais ar léirscríosadh le fáil ar láithreán gréasáin an DPC](#).

Gníomhcheamaraí agus an Eisceacht maidir le hÚsáid Phearsanta

Teicneolaíocht eile atá cosúil le ceamaraí coirp, nó cur i bhfeidhm malartach den teicneolaíocht chéanna, is ea úsáid áineasa a bhaint as '**ceamaraí gníomhaíochta**' mar a dtugtar orthu – ceamaraí digiteacha atá ceaptha gníomh a thaifeadadh fad a dtugtar faoi. De ghnáth, caitear na ceamaraí sin nó suitear iad le gur féidir leo taifeadadh ó phointe féachana an úsáideora, amhail iad a shuiteáil ar chlogad, ar rothar nó ar dhrón fiú.

Feidhmíonn na teicneolaíochtaí sin an-chosúil le ceamaraí coirp a úsáidtear i gcomhthéacs tráchtála. Mar sin féin, braithfidh cibé an mbeidh nó nach mbeidh feidhm

leis an dlí um chosaint sonraí i gcás ceamaraí gníomhaíochta ar chuspóir agus ar nádúr na húsáide a mbaintear as na ceamaraí sin – go hachomair, **ní bheidh feidhm leis go ginearálta** sa chás nach n-úsáidtear iad ach amháin **chun críocha áineasa pearsanta agus sin amháin**.

Ba cheart do dhaoine aonair a úsáideann ceamaraí gníomhaíochta nó ceamaraí coirp in áit phoiblí, nó a bheartaíonn iad a úsáid, breithniú a dhéanamh cibé an dtagann an taifeadadh faoin díolúine ‘phearsanta’ nó ‘tís’ ón GDPR (féach Airteagal 2(2)(c) agus Aithris 18 den GDPR). Sloinntear sa díolúine sin nach bhfuil feidhm ag an GDPR le próiseáil sonraí (amhail fístaifeadadh) ag duine aonair a bheadh “*i mbun gníomhaíocht atá de chineál pearsanta nó de chineál tís amháin*”. Sa chás nach dtiteann an taifeadadh sa chatagóir sin, ansin d’fhéadfadh go mbeadh oibleagáidí ‘rialaitheora’ sonraí, mar a leagtar amach thuas, ar an duine sin, faoin GDPR.

Agus measúnú á dhéanamh acu cibé an bhfuil nó nach bhfuil taifeadadh de chineál pearsanta nó de chineál tís amháin, ba cheart d’úsáideoirí roinnt ceistanna a chur orthu féin, amhail:

- an bhfuil **baint** ar bith aige le **gníomhaíocht ghairmiúil nó tráchtála**;
- cé hiad** na daoine **a ghlac páirt** sa taifeadadh nó ar gabhadh leis – an raibh aithne ag an duine a rinne an taifeadadh orthu; agus
- cén limistéar** a cumhdaíodh sa taifeadadh – ar cumhdaíodh spásanna **poiblí** nó spásanna **príobháideacha amháin**.

Cabhraíonn cás ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) le tuiscint a fháil ar fhairsinge na díolúine sin agus soiléirítear nach mór **léirmhíniú cúng** a bhaint aisti. Ina breithiúnas sa chás [Rynes vs Urad](#) (2014), thug an Chúirt ar aird:

To the extent that video surveillance... covers, even partially, a public space and is accordingly directed outwards from the private setting of the person processing the data in that manner, it cannot be regarded as an activity which is a purely ‘personal or household’ activity...

Cé gur bhain an cás sin le córas faireachais CCTV seasta agus gur bhraith sé ar fhíricí sonracha an cháis sin, tá sé cabhrach fós ó thaobh measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil feidhm ag an díolúine i gcásanna ina n-úsáideann daoine aonair cineálacha eile trealaimh fístaifeadta, amhail ceamaraí gníomhaíochta. Sa chás go mbíonn siad **ag taifeadadh in áit phoiblí** d’fhéadfadh sé a bheith **níos deacra a léiriú** go raibh úsáid na gceamaraí sin i **gcáil iomlán phearsanta**, agus ní mór don mheasúnú ar cibé an bhfuil feidhm ag an díolúine phearsanta cúinsí áirithe a bhreithniú amhail nádúr, fad agus cuspóir an taifeadta, agus cibé an féidir a mheas go bhfuil sé cosúil le ‘faireachas’. Bheadh sin éagsúil ó fhístaifeadtaí áineasa, gearra, iomlán pearsanta.

Ar an gcaoi chéanna, sa chás go ndéantar an fístaifeadadh a **fhoilsiú ar líne**, féadfaidh an méid a chuirtear **ar fáil don phobal i gcoitinne** tionchar a bheith aige ar cibé an féidir é a mheas mar ‘iomlán pearsanta’. D’fhéadfaí a mheas gur phróiseáil sonraí pearsanta é na sonraí pearsanta arna ngabháil ag na ceamaraí sin a fhoilsiú ar líne, fiú sa chás gur tháinig an taifeadadh bunaidh faoin díolúine phearsanta nó tís. Thug an

CJEU le tuiscint go bhféadfaidh duine aonair freagrachtaí rialaitheora a ghlacadh air féin faoin GDPR fós, ag brath ar an méid a dhéanann sé le sonraí pearsanta daoine eile a bhailigh siad. Mar shampla, i gcás [Bodil Lindqvist](#) (2003), chinn an CJEU nach raibh feidhm leis an díolúine phearsanta sa chás gur **phostáil duine ábhar ar líne** a raibh rochtain ag “líon éiginnte daoine” air.

Dá bharr sin, is dhá cheist iad seo a leanas d’úsáideoirí na gcineálacha ceamaraí sin, agus iad ag cinneadh cibé an bhfuil feidhm ag oibleagáidí cosanta sonraí leo, mar chuid den mheasúnú ginearálta ar cibé an bhfuil úsáid an cheamara ‘iomlán pearsanta’, **(a)** cé chomh poiblí nó cé chomh cosúil le faireachas a bhí an **taifeadadh**, agus **(b)** cé chomh poiblí a bhí **foilsíú** an fhístafeadta sin. Ar deireadh thiar, braithfidh an cinneadh faoi cibé an raibh taifeadadh iomlán pearsanta ar **fhíricí gach cáis**.

Rialacha maidir le Taifeadtaí a Dhéantar Chun Críocha Fhorfheidhmiú an Dlí

Tá próiseáil sonraí a dhéanann **údarás inniúil chun críocha um fhorfheidhmiú an dlí lasmuigh de scóip an GDPR** agus cuimsítear í sa **Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (LED)**, arna trasú i ndlí na hÉireann ag an Acht um Chosaint Sonraí 2018, go háirithe i gCuid 5 den Acht sin.

Is féidir an téarma ‘údarás inniúil’ a úsáid i ndáil le **raon leathan eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha**: sa bhreis ar údaráis um fhorfheidhmiú an dlí, amhail An Garda Síochána, féadfaidh sé údaráis bhardasacha a fheidhmíonn feidhm um fhorfheidhmiú an dlí a bheith i gceist (e.g. cionta i ndáil le tiomáint ar luas, caitheamh bruscair, etc., a ionchúiseamh), agus fiú eagraíochtaí príobháideacha a fhostaítear ar conradh chun feidhm um fhorfheidhmiú an dlí a dhéanamh ar son údarás áitiúil. Mar sin féin, **tiocfaidh** próiseáil a dhéanann údarás um fhorfheidhmiú an dlí chun **críocha nach mbaineann le forfheidhmiú an dlí** (e.g. riarachán) faoin **GDPR i gcónaí**.

Tá go leor de na prionsabail, na hoibleagáidí agus na cearta a phléitear thuas le fáil sa LED agus i gCuid 5 den Acht, ach tá siad lasmuigh d’ábhar an nóta treoraigh seo. Go háirithe, ní mór taifeadadh ag ceamaraí coirp sna cúinsí sin a dhéanamh **le toiliú** an ábhair sonraí (ní dócha gur bhunús dlí iomchuí a bheidh anseo, áfach, i gcomhthéacs na teicneolaíochta seo, ar na cúiseanna a pléadh thuas) **nó ní mór go mbeadh gá leis chun críocha cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhraith nó a ionchúiseamh**, lena n-áirítear cosaint in aghaidh bhagairtí ar an tslándáil phoiblí nó **pionóis choiriúla a chur i gcrích**. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an [chuid de láithreán gréasáin an DPC faoin Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí](#).